

Coláiste na bPiarsach

Nuachtlitir



Samhain 2019



Fáilte roimh an chéad bhliain



Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain

Comhghairdeas le na foirne Díospóireachta atá bailithe ar aghaidh go dtí an dara babhta. Ar an bhfoireann sóisearach bhí **Cathal Ó Ceallaigh, Shauna Ní Laoi agus Katie Ní Shúilleabháin**. Ar an bhfoireann sinsearach bhí **Blathnaid Ní Fhátharta, Aisling Ní Niaidh, agus Éadaoin Ní Mhainín**. Buíochas le **Cáitín Uí Fhátharta agus Anna Ní Dhómhnaill** a thug cúnamh dóibh ullmhú don díospóireacht.

Focal ón bPríomhoide

A scoilphobal, a chairde,

Is mór an onóir dom a bheith ag cur cúpla focal le chéile ar son Choláiste na bPiarsach mar phríomhoide gníomhach na scoile. Ar ndóigh, d'fhreastal mé féin ar an scoil seo agus tá mé an-bhródúil an ról mar phríomhoide gníomhach a ghlacadh don scoilbhliain seo. Guím gath rath ar Pheadar Ó Lóideáin ina chuid oibre le COGG mar oifigeach oideachasúil d'iarbhunscoileanna i mbliana. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chomh maith agus comhghairdeas a dhéanamh le Roseann Uí Fhlatharta bheidh ag feidhmiú mar phríomhoide cúnta don scoilbhliain seo.

Ar dtús báire, ba mhaith liom míle fáilte a chur roimh scoláirí bhliain 1, maraon lena gcuid tuismitheoirí / caomhnóirí, isteach i bpobal scoile Choláiste na bPiarsach. Táim cinnte go mbeidh blianta taitneamhacha agus tairbheacha acu anseo ina gcuideachta.

Ba mhaith liom, ar son foireann teagaisc na scoile, comhghairdeachas a dhéanamh le rang na hArdteistiméireachta 2019 a bhain sár-thorthaí amach ina gcuid scrúduithe. Guímid chuile bheannacht orthu sa saol atá amach rompu. Tá súil agam go mbeidh an deis acu filleadh ar an scoil le na gcuid eispéiris a roinnt linn sa todhchaí.

Os a chionn sin, ba mhaith liom comhghairdeachas a dhéanamh le rang an Teastas Shóisearaigh 2019 a bhain sár-thorthaí amach ina gcuid scrúduithe. Tá súil agam do dtabharfaidh na torthaí céanna an spreagadh dóibh a ndícheall a dhéanamh sa dá bhliain atá fágtha acu linn sa scoil. Tá ardmholadh tuillte agaibhse, a thuismitheoirí / caomhnóirí a thugann cabhair agus tacaíocht dá gcuid gasúir i gcónaí chun a chinntiú go bhfaigheann siad na deiseanna oideachasúla is cóir dóibh a fháil.

Ar son na scoile, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh le hionadaí an Bhord Bainistíochta ar fad a bhfuil a dtréimhse cúig bliana curtha i gcríche acu. Mo bhuíochas do na hionadaithe nua-cheaptha a bheidh ag cur tús le na dtréimhse ag deireadh mhí na Samhna.

Tá tús breá curtha leis an scoilbhliain anois agus iarratas pleanála ceadaithe i leith seomra nua eolaíochta a thógáil ar láthair na scoile. Tá muid fíor-bhuíoch do BOOG&R as ucht a gcuid tacaíochta ar fad i leith na hoibre seo. Cinntóidh an obair seo, go mbeidh áiseanna den scoth ar fáil dár scoláirí i gcúrsaí eolaíochta sa scoil.

Bíonn go leor imeachtaí ar súil sa scoil a chuireann go mór le cúrsaí folláine ár scoláirí mar a fheicfidh sibh sa nuachtlitir. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na múinteoirí, a thugann tacaíocht agus a gcuid ama le himeachtaí a reachtáil / freastal ar imeachtaí ar mhaithe lenár gcuid scoláirí.

Táim ag súil go mór, le bheith ag obair as lámh a chéile sa scoilbhliain atá amach romhainn le cúnamh Dé.

Máirín Ní Mhainnín (Príomhoide Gníomhach)



Comhghairdeas leis an 4ú bliain a fuair sár-thorthaí sa Teastas Sóisearach.

Maidin Caife don Oispís



Míle buíochas le chuile dhuine a thug tacaíocht don Mhaidin Caifé ar mhaithe le hOspís na Gaillimhe. Bailíodh **€500** go dtí seo. Tá ard mholadh ag dul go **Roseann Uí Fhlatharta** agus a foireann sa seomra Tís. Rinne siad obair na gcapall le cinntiú go mbeadh bia blasta ann do chuile dhuine. Nár laga Dia sibh.



Bhailigh muid **€160** trí Lá na nGeansaithe peile ar son an rotháíocht urraithe a d'eagraigh **Máirtín Ó Mainnín** agus a chlann ó Anagaire, Dhún na nGall go hInis Oirr ar mhaithe le 'Cancer Care West' in onóir a dheirféar **Ghráinne Uí Chonghaile** (iar scolair Ghairmscoil na bPiarsach). Bhailigh na rothaithe **€41,785**.





Bhí an-lá ag luathchleasaí na scoile ag glacadh páirte i rás bóthair 5k agus 3k in Inis Mór. Táimid thar a bheith bródúil as beirt ón 5ú bliain, **Clíona Ní Lochnáin** a bhain amach bonn airgid agus **Sofia Nic Dhonnacha** a bhain amach bonn créumha. Buíochas le Coláiste Éanna in Inis Mór a d'eagraigh an comórtas.



Coláiste na bPiarsach, Ros Muc, 091-574100
www.coláistenabpiarsach.com

Ríomhphost; piarsach@gretb.ie
 Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha